**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022 (OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0154(CNS)**

**9076/22 ADD 3**

**FISC 112 ECOFIN 428 IA 72**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 146 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críoch cánach ioncaim corparáidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 146 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 146 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.5.2022
SWD(2022) 146 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle**

**maidir le rialacha a leagan síos i dtaca le liúntas um chlaontacht fiachais-cothromais a laghdú agus i dtaca le hin-asbhainteacht úis a theorannú chun críoch cánach ioncaim corparáidí**

{COM(2022) 216 final} - {SEC(2022) 204 final} - {SWD(2022) 144 final} - {SWD(2022) 145 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
| --- |
| Measúnú tionchair le haghaidh tionscnaimh chun aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais – 'DEBRA' |
| A. An gá atá le beart |
| Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais? |
| Le córais chánach san Aontas, is féidir íocaíochtaí úis ar fhiachas a asbhaint agus an bonn cánach á ríomh chun críoch cánach ioncaim corparáidí, agus maidir le costais a bhaineann le maoiniú cothromais, amhail díbhinní, níl siad inasbhainte ó thaobh cánach de don chuid is mó. Taobhaíonn an neamhshiméadracht sin le fiachas a úsáid thar chothromas chun infheistíochtaí a mhaoiniú, agus cuireann sí – mar aon le tosca eile amhail an mhian a bhíonn ag úinéirí cothromais reatha chun caolú cearta rialaithe/vótála a sheachaint, rochtain theoranta ar mhaoiniú cothromais, nó go bhfuil maoiniú fiachais níos saoire ná maoiniú cothromais – le carnadh iomarcach fiachais le haghaidh corparáidí neamhairgeadais. Le leibhéil fiachais iomarcacha bíonn gnólachtaí leochaileach maidir le hathruithe sa timpeallacht ghnó nach raibh coinne leo agus méadófar a riosca dócmhainneachta, go háirithe le linn géarchéimeanna.<br><br>Thairis sin, tá an gá le hinfheistíocht cothromais a dhreasú níos láidre fós anois d'fhonn freastal ar éilimh an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais araon. Déanann an ganntanas cothromais agus an costas níos airde atá leis difear do gach cuideachta, ach go háirithe do ghnólachtaí óga agus nuálacha, ar minic a mbíonn, mar gheall ar a bpróifíl riosca, rochtain theoranta acu ar mhaoiniú fiachais seachtrach agus is minic a bhíonn siad ag brath ar infheistíocht cothromais.<br><br>Bhí sé Bhallstát chun tosaigh maidir le cineál éigin liúntais cánach le haghaidh cothromais a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais. Mar sin féin, is féidir leis na bearta náisiúnta sin saobhadh agus mí-leithdháileadh infheistíochtaí a chruthú sa mhargadh aonair má bhunaíonn siad a gcinntí ar infhaighteacht liúntais ar chothromas. Nuair a chuirtear na bearta seo i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta amháin, in éagmais creata chomhchuibhithe i gcoinne seachaint cánach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, is féidir leo bealaí éalaithe a chruthú freisin is féidir a shaothrú chun críoch pleanála ionsaithí cánach agus is féidir leo iomaíocht dhíobhálach cánach a mhéadú idir na Ballstáit. |
| Cad é ba cheart a bhaint amach? |
| Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais go comhsheasmhach ar fud an Aontais agus, ar an gcaoi sin, cur le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.<br><br>Go sonrach, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh na trí chuspóir a leanas a bhaint amach:<br><br>1. Infheistíocht cothromais a dhreasú, rud lena ndéanfar geilleagar an Aontais níos cobhsaí agus níos athléimní.<br>2. Infheistíocht cothromais a dhéanamh níos inrochtana, go háirithe i gcás FBManna agus gnólachtaí óga agus nuálacha chun an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a chothú.<br>3. Creat comhchoiteann agus láidir um bearta frith-mhí-úsáide a thabhairt isteach chun cosc a chur ar mhí-úsáid an liúntais cánach chun críoch pleanála ionsaithí cánach. |
| Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (ceist na coimhdeachta)? |
| Tá an fhadhb chéanna ag gach Ballstát den Aontas, toisc gur fearr le gach Ballstát den Aontas fiachas ná cothromas ina gcóireáil chánach. Ina theannta sin, d'fhéadfadh éifeachtaí neamh-inmhianaithe a bheith ag |

meascán gníomhaíochtaí ag sé Bhallstát chun aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais, rud as a dtiocfaidh mí-leithdháileadh infheistíochtaí agus lena bhfágfar bealaigh éalaithe is féidir a shaothrú chun críoch cánach díobhálaí ar oscailt.

Laistigh den Aontas, tá baol ann go ndéanfar saobhadh ar an margadh inmheánach de bharr cur chuige náisiúnta agus d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt Ballstát leochaileach maidir le harbatráiste cánach. Ní fhéadfar an córas a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtúla le haghaidh gnólachtaí, agus aon mhí-úsáid chun críoch seachaint cánach á cosc ag an am céanna, ach amháin le creat comhchoiteann de chuid an Aontais.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha tosaíochta ann? Mura bhfuil, cén fáth?

Is é atá i gceist leis an rogha bhonnlíne (rogha 0) an status quo: tá an difríocht i gcóireáil chánach idir cothromas agus fiachas fós ann, agus is claontacht mharthanach ar son fiachais atá mar thoradh air. D'fhéadfadh bearta náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm ag sé Bhallstát cinntí infheistíochta sa mhargadh inmheánach a shaobhadh. Níl aon chreat comhchoiteann de chuid an Aontais ann chun aghaidh a thabhairt ar an gclaontacht fiachais-cothromais agus chiallódh sé sin go mbeadh an fhadhb fós ann. Mar sin, breithníodh roghanna beartais éagsúla.

Le Rogha 1 thabharfaí isteach *liúntas cánach ar stoc an chothromais chorparáidigh*[1]. D'eiseofaí brabúis agus caillteanais d'fhonn a áirithiú nach ndeonófar an liúntas ach amháin le haghaidh cothromas fadtéarmach. Tá marthanacht an liúntas gan teorainn.

Le Rogha 2 thabharfaí isteach *liúntas cánach incriminteach ar chothromas corparáideach* (an sainmhíniú céanna ar chothromas corparáideach mar atá i rogha 1) ach sa chás seo deonaítear é ar an difríocht idir leibhéal an ghlanchothromais ag deireadh na bliana cánach i gcomparáid le leibheál an ghlanchothromais ag deireadh na bliana cánach roimhe sin. Dheonófaí an liúntas sin le haghaidh 10 mbliana d'fhonn aithris a dhéanamh ar an meánaibíocht fiachais.

Le Rogha 3 bheartódh *asbhaint úis bharúlaigh chomhionann le haghaidh fiachais agus cothromais*. Ciallaíonn sé sin liúntas cánach ar chaipiteal corparáideach (i.e. cothromas, mar atá i Roghanna 1/2, agus fiachas) agus in-asbhainteacht reatha íocaíochtaí úis á dícheadú ag an am céanna. Leis an rogha sin cuirtear deireadh iomlán leis an gclaontacht fiachais-cothromais, ach tá impleachtaí fioscacha aige ag brath ar leibhéal an ráta úis bharúlaigh arna roghnú. Ós rud é go bhfuil an liúntas bunaithe ar an stoc iomlán caipitil, tá marthanacht an liúntais gan teorainn amhail i Rogha 1.

Le Rogha 4 dhícheadófaí *in-asbhainteacht na speansas úis go hiomlán*. Leis seo déantar ailíniú iomlán ar an gcóireáil chánach ar chostais fiachais agus cothromais tríd an dá rud a dhéanamh neamh-asbhainte. Cosúil le Rogha 3, cuirtear an chlaontacht fiachais-cothromais as an áireamh go hiomlán leis, ach ar chostas an fháis eacnamaíoch agus na fostaíochta. Chuirfeadh sé de cheangal ar na Ballstáit a gConarthaí um Chánachas Dúbailte a athchaibidil freisin agus d'osclódh sé bealaí éalaithe nua le haghaidh deiseanna pleanála cánach. D'fhéadfadh éifeachtaí diúltacha a bheith aige freisin i dtéarmaí iomaíochas gnó

[1] Áirítear leis an sainmhíniú ar chothromas de réir bhrí an tionscnaimh seo caipiteal suibscríofa, na cuntas scairbhisigh, cúlchistí athluachála agus cúlchistí.

mhargadh aonair an Aontais i leith dlínsí eile, i gcás ina bhfuil ann don in-asbhainteacht sin.

Le Rogha 5 chuirfeadh *liúntas cánach incriminteach ar chothromas corparáideach* (mar atá beartaithe faoi Rogha 2) le chéile le teorainn pháirteach ar in-asbhainteacht chánach, arbh fhéidir a fháil trí in-asbhainteacht úis a laghdú faoi chion áirithe le haghaidh gach cuideachta. Tá sé beartaithe an in-asbhainteacht a theorannú go 85 % de na róchostais iasachtaíochta (ús arna íoc lúide ús arna fháil). Amhail i Rogha 2, dheonófaí an liúntas le haghaidh 10 mbliana.

Is í rogha 5 rogha na tosaíochta. Tugtar aghaidh ar an gclaontacht fiachais-cothromais go rathúil leis, agus impleachtaí buiséadacha á gcothromú agus aghaidh á tabhairt ar ghnéithe cothroime an chórais chánach ag an am céanna. Meastar go mbeidh tionchar dearfach aige ar infheistíocht agus OTI, agus tionchair mheasartha aige ar an bhfostaíocht.

Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?

Measann an chuid is mó de chomhlachais ghnó agus corparáidí (ar tromlach de na freagróirí iad) gur fearr beart uile-Aontais ná cuir chuige thírshonracha. Measann siad go dtabharfaí tacaíocht don téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim sláinte COVID-19 le liúntas le haghaidh cothromais, agus go gcabhrófaí le gnólachtaí le gníomhaíochtaí trasteorann sa mhargadh aonair. Is fearr leo go suntasach liúntas ar chothromas (Roghanna 1, 2 agus 5) ná dícheadú asbhaintí úis (Rogha 4) ná asbhaint úis bharúlaigh chomhchosúil le haghaidh fiachais agus cothromais (Rogha 3).

Tacaíonn roinnt comhlachais ghnó le beart speisialta le haghaidh FBManna, toisc go bhfuil sé níos deacra do na gnólachtaí sin rochtain a fháil ar mhaoiniú cothromais agus fiachais, agus leagann na freagróirí sin ar an gcomhairliúchán poiblí béim ar a thábhachtaí atá sé bearta frith-mhí-úsáide éifeachtacha a dhearadh. Tá roinnt comhlachais ghnó i gcoinne aon athraithe ar an in-asbhainteacht fiachais. Ar deireadh, molann eagraíocht airgeadais an liúntas a fhabhrú do chothromas nua (Roghanna 2 agus 5) ós rud é gurb é sin an t-aon bheart amháin lena spreagfaí infheistíochtaí nua i gcothromas go héifeachtach.

Aontaíonn eagraíocht neamh-rialtasach le fadhb na claontachta fiachais-cothromais ach tugann sí rabhadh maidir le tionchair fhioscacha. Dar le roinnt saoránach, ní léirítear le rátaí ísle reatha de chreidmheasanna agus d'iasachtaí an gá le hidirghabháil a dhéanamh sa mhargadh sin trí fhéichiúnas na bhfiontraithe a laghdú. Measann duine den lucht acadúil go bhfuil deacracht ag baint le gníomhaíocht de chuid an Aontais le haghaidh liúntas ar chothromas, ós rud é nach gcuireann sé i cuntas an t-idirghníomhú idir cánachas ioncaim corparáidí agus daoine aonair.

C. Tionchar na rogha tosaíochta

Cad iad buntáistí rogha na tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?

Le Rogha 5 déantar foráil maidir le laghdú ar an gclaontacht fiachais-cothromais, agus cuirtear cosc ar thionchar dearfach ar bhuiséid na mBallstát ag an am céanna. Le teorainn ar mharthanacht an liúntais go feadh 10 mbliana, cuirtear cosc ar aistriú an bhearta, thar thréimhse ama, go liúntas bunaithe ar stoc, agus dá bhrí sin cuirtear teorainn bhreise ar an tionchar ar airgeadas poiblí na mBallstát i gcomparáid le Rogha 1. Beidh sé níos saoire ná Rogha 2 freisin, ós rud é go gcuireann sé an liúntas le chéile le laghdú ar in-asbhainteacht cánach na n-íocaíochtaí úis a bhaineann le cáin.

Leis an rogha sin, cosúil leis na cinn eile, déanfar foráil maidir le creat comhchoiteann láidir um bearta frith-mhí-úsáide chun cosc a chur ar chleachtais pleanála ionsaithí cánach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Cruthófar cothrom na Féinne leis agus treiseofar cobhsaíocht airgeadais chuideachtaí príobháideacha na

| |
|---|
| hEorpa, agus rochtain ar an margadh maoinithe á héascú le haghaidh gnólachtaí óga agus nuálacha ag an am céanna. |
| Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)? |
| Tá an costas riaracháin ar ghnólachtaí diomaibhseach nó an-íseal. Maolófaí an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí atá i mbun gníomhaíochtaí trasteorann mar gheall ar chomhchuibhiú na liúntas cothromais ar fud na mBallstát. Tá coinne le laghdú ar chostas an chomhlíonta do ghnólachtaí a oibríonn ar bhonn trasteorann.<br><br>Bheadh costais ar riaracháin chánach teoranta do roinnt seiceálacha breise, agus iniúchadh á dhéanamh ar cháiníocóirí. |
| Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas? |
| Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo cothrom na Féinne a sholáthar ar fud an Aontais. Faoi láthair, ní féidir le FBManna leas a bhaint as liúntas ar chothromas ach amháin má tá siad ina gcónaí chun críoch cánach i gceann de na sé Bhallstát ina bhfuil liúntas náisiúnta i bhfeidhm, agus is féidir le fiontair ilnáisiúnta (FINanna) fochuideachta a úsáid i gceann de na Ballstáit sin chun leas a bhaint as. Le DEBRA, beidh liúntas ar chothromas ar fáil i ngach ceann de na 27 mBallstát le haghaidh gach gnólacht, lena n-áirítear FBManna agus dá bhrí sin soláthrófar tairbhí suntasacha dóibh.<br><br>I dtéarmaí iomaíochais, leis an tionscnamh, laghdófaí costas an chothromais agus dhéanfaí cothromas níos inrochtana le haghaidh FBManna, cuideachtaí óga agus nuálacha, rud lena spreagfar infheistíochtaí agus lean méadófar cobhsaíocht mhargadh maoinithe na hEorpa, lena ndéanfar gnólachtaí sa mhargadh Eorpach níos cobhsaí agus níos athléimní i gcoinne géarchéimeanna airgeadais. |
| An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta? |
| Léirítear sa mheasúnú tionchar go mbeadh an tionchar ar bhuiséid náisiúnta an-teoranta.<br><br>Níl coinne le tionchar ar bith i dtéarmaí costais rialúcháin le haghaidh riaracháin chánach ina bhfuil liúntas náisiúnta le haghaidh cothromais curtha i bhfeidhm cheana. Le haghaidh riaracháin chánach na mBallstát eile, beidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe breise, ach níl coinne le tionchar suntasach i dtéarmaí ualach oibre. |
| An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? |
| Ní bheidh |
| Comhréireacht? |
| Ní rachaidh gníomhaíocht thar a bhfuil riachtanach chun an chlaontacht fiachais-cothromais a chur as an áireamh. Agus teorainn ar asbhaint úis á cur i gcuntas, laghdófar go láidir leis aon chostas le haghaidh buiséid náisiúnta, nó cuirfear an céanna as an áireamh fiú, rud lena mbainfear an cuspóir amach le tionchar fioscach teoranta. |
| D. Iarobair |
| Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas? |
| Déanfaidh an Coimisiún measúnú go rialta ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú an tionscnaimh |

sna Ballstáit éagsúla. Is ar bhonn sonraí ó na Ballstáit a dhéanfar an measúnú sin go príomha.

5 bliana tar éis dó tús a chur le cur chun feidhme na hionstraime, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thorthaí an bheartais i ndáil lena chuspóirí agus leis na tionchair fhoriomlána maidir le dul i ngleic leis an gclaontacht fiachais-cothromais. Ina theannta sin, déanfar meastóireacht ar chur i bhfeidhm éifeachtach an chreata in aghaidh mí-úsáid cánach agus ar an tionchar foriomlán ar ioncaim chánach, gnólachtaí agus an margadh inmheánach.